**Gaelscoil Áine,**
Bóthar Naomh Mobhí,
Droim Conrach,
B.Á.C 9  D09XP65
gaelscoilaine@gmail.com

# POLASAÍ SCOILE DON ILCHREIDMHEACHAS

1. **Réamhrá**
2. **Réasúnaíocht**
3. **Pleanáil Eagrúcháin**
    a. **Ról an Bhord Bainistíochta**
    b. **Pobal na Scoile**
    c. **Socruithe do Ranganna Iarscoile**
    d. **Tionóil Scoile**
    e. **Taispeántais Scoile**
    f. **Ceiliúradh Scoile**
    g. **Forbairt Foirne**
4. **Pleanáil Scoile**
    a. **Cuir chuige agus Modhanna Múinte**
    b. **Clár Ama**
    c. **Acmhainní Scoile**
    d. **Nascadh agus Comhtháthú**
5. **Cur i bhFeidhm**
6. **Athbhreithniú**

**AGUISÍNÍ**

1. **Seicliosta bliantiúil don Bhord Bainistíochta**
2. **Clár Teagaisc don Ilchreidmheachas**

## RÉAMHRÁ

Is scoil ilchreidmheach í Gaelscoil Áine agus mar sin, cuirimid fáilte roimh pháistí ó gach cúlra, gach creideamh agus gan aon chreideamh agus déantar gach dalta a cheiliúradh sa scoil. Seasann an sainspiorad ilchreidmheach ag croílár ár scoile agus léirítear meas ar a chéile, ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar an gcomhshaol sa scoil. Bíonn dlúthbhaint ag pobal uile na scoile leis an sainspiorad ilchreidmheach sa scoil agus bíonn gach éinne ag saothrú le chéile chun aidhmeanna an ilchreidmheachais a chur chun cinn.

Cuireadh an polasaí seo le chéile don chéad uair i rith na scoilbhliana 2021-2022. Déanfar athbhreithniú air ansin i rith na scoilbhliana 2023-24 chun go mbeadh taifead reatha ar chleachtais na scoile ar fáil.

## RÉASÚNAÍOCHT

Cuireadh an cháipéis seo le chéile ag foireann na scoile i gcomhar leis an mBord Bainistíochta chun;

- cur síos a dhéanamh ar chleachtais scoile i leith an ilchreidmheachais,
- eolas agus treoir a chur ar fáil do phobal na scoile maidir lenár gcleachtais,
- leanúnachas a chinntiú ar bhonn uile-scoile.

## PLEANÁIL EAGRÚCHÁIN

***Bord Bainistíochta***
Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear sainspiorad ilchreidmheach na scoile i bhfeidhm ar bhonn scoile de réir na dtreoracha ón bPátrún. Cinntíonn an Bord Bainistíochta go mbíonn pobal na scoile ar an eolas maidir le sainspiorad na scoile.
Tá seicliosta bliantúil don Bhord Bainistíochta ar fáil ag Aguisín 1 den bheartas seo. Cuirtear seo faoi bhráid an Bhoird gach bliain.

***Pobal na Scoile***
Tá dlúthbhaint ag gach éinne sa phobal scoile le cur chun cinn an tsainspioraid scoile. Agus páiste á chlárú sa scoil, cuirtear iad ar an eolas maidir le sainspiorad agus cleachtais na scoile. I nGaelscoil Áine, ní thugtar cúrsaí creidimh san áireamh ar chor ar bith sa phróiseas clárúcháin.
Bíonn cruinniú eolais do thuismitheoirí nua ar siúl sa scoil gach bliain agus déantar cur síos ar na cleachtais scoile agus glactar le ceisteanna maidir le cúrsaí sainspioraid. Tugtar cóip den bhileog IS MULTI-D FOR ME? do na tuismitheoirí/caomhnóirí ag an gcruinniú sin.
Cuirtear fáilte roimh aoichainteoirí ó shainchreidimh éagsúla, le cead an Phríomhoide, teacht isteach chun labhairt leis na daltaí faoi na traidisiúin, nósanna ceiliúrtha agus cultúrtha, etc. a bhaineann lena sainchreidimh sin.

***Socruithe do ranganna seachscoile***

Toisc nach ndéantar teagasc ar chlár sainchreidimh i rith an lae scoile, uaireanta bíonn éileamh ar ranganna iarscoile. Déantar ranganna a éascú taobh amuigh d'am scoile agus beidh siad go hiomlán neamhspleách/scartha ón gcuraclam/gclár a dhéantar le linn an lae scoile. Féadfaidh an t-iarratas seo teacht ó ghrúpa tuismitheoirí nó ó ghrúpa atá neamhspleách ón scoil.  Tá tuilleadh treorach maidir leis na gnéithe sin ar fáil sa leabhrán *Ilchreidmheachas: Treoir do thuismitheoirí agus do scoileanna* atá foilsithe ag an bhForas Pátrúnachta.

Má theastaíonn ó ghrúpa seomra a fháil ar cíos chun ranganna seachscoile a reachtáil, iarrtar orthu litir a scríobh chuig an mBord Bainistíochta. Pléifear an t-iarratas ag an gcéad chruinniú Boird eile. Ní mór don ghrúpa na socruithe ar fad a bhaineann leis na ranganna a dhéanamh. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil gach rud in ord agus in eagar sula gcuirtear tús le ranganna seachscoile. *árachas, grinnfhiosrú na nGardaí, earcaíocht, socruithe pá agus cánach srl. (féach ar *Ilchreidmheachas: Treoir do thuismitheoirí agus do scoileanna* agus ar pholasaí Ghaelscoil Áine maidir seomraí a chur ar fáil d'imeachtaí seachscoile).

***Tionól Scoile***

Déantar tagairt don sainspiorad scoile go minic i rith tionól scoile.  Tugtar deis do na daltaí a gcuid buanna a léiriú, cur síos a dhéanamh ar thionscadail ranga, srl. i rith na bliana.

***Taispeántais Scoile***

Tá áit lárnach aitheanta againn sa scoil chun ábhair a bhaineann leis an gclár *Croí na Scoile* a chur ar taispeáint.  Roghnaítear téama ar bhonn scoile gach mí agus bíonn an fhreagracht ar rang amháin cur leis an taispeántas scoile gach mí. Curtha leis sin, bíonn áit taispeántais i ngach seomra ranga chun gur féidir le gach rang ábhair ábhartha don téama atá idir lámha a chur ar taispeáint.

***Ceiliúradh Scoile***

Gach scoilbhliain, roghnaítear féile domhanda amháin le ceiliúradh ar bhonn uil-scoile.  Tarlaíonn an ceiliúradh seo i rith mhí Feabhra. Tugtar cuireadh do phobal na scoile teacht isteach agus roinneann na daltaí an méid atá foghlamtha acu.

***Forbairt Foirne***

Spreagtar an fhoireann tabhairt faoi fhorbairt foirne ábhartha, bíodh sé mar fhoireann iomlán, i ngrúpaí nó go ina n-aonar.  Déantar cleachtais scoile agus cleachtais theagaisc maidir leis an sainspiorad scoile a phlé go rialta le linn cruinnithe foirne.

## PLEANÁIL SCOILE

***Clár Teagaisc agus Foghlama***

Leanaimid an clár **Croí na Scoile** a mholann an Foras Pátrúnachta.  Tá an plean bliana le fáil ag Aguisín 2 den bheartas seo.

Ag rith leis an gclár sin, tugtar aitheantas do na gnéithe seo thíos:

- Cearta sóisialta & comhionannas
- An comhshaol agus cúrsaí eitice
- Moráltacht, spioradáltacht & féinfheasacht
- Córais chreidimh éagsúla

Tá coiste foirne againn ag obair ar an bplean scoile a stiúradh.

***Cur chuige agus Modhanna Múinte***

Leagtar an-bhéim ar mhodhanna comhoibritheacha chun an clár teagaisc a chur i bhfeidhm sna ranganna. Bíonn na daltaí lárnach sa chlár foghlama agus cuirtear béim láidir ar an bhfoghlaim ghníomhach i gcónaí.

Baintear leas as réimse cur chuige chun an clár *Croí na Scoile* a chur I bhfeidhm sa scoil, na cinn seo thíos ina measc:

- Foghlaim ghníomhach
- Comharfhoghlaim
- Caint, plé agus díospóireacht
- Tréimhsí suaimhnis, aireachais & machnaimh
- Drámaíocht agus ról-imirt
- Scéalta, rainn & amhráin
- Cluichí foghlama
- Am Ciorcail
- Tionscadail grúpa/ranga
- Nasc leis an timpeallacht
- Úsáid na teicneolaíochta
- Réiteach fadhbanna

***Clár Ama***

De réir threoracha na Roinne Oideachais, moltar 2 uair 30 nóiméad a úsáid don Oideachas Reiligiúin gach seachtain.
Fágtar an rogha ag an bhfoireann teagaisc maidir le dáileadh an ama seo.

***Acmhainní Scoile***

Táimid ag cur leis an mbailiúchán ábhair gach aon bhliain. Coinnítear ábhair na scoile sa seomra fearais. Tá liosta na n-acmhainní reatha sa scoil le fáil in Aguisín 1 ag deireadh an bheartais seo.

***Nascadh agus Comhtháthú***

Bíonn an clár teagaisc *Croí na Scoile* fite fuaite leis na hábhair theagaisc uile agus bíonn dlúthbhaint aige le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte ach go háirithe. Déantar gach iarracht *Croí na Scoile* a chomhtháthú go bríoch leis na hábhair eile chun oideachas iomlánaíoch a chur ar fáil dár ndaltaí.

## CUR i bhFEIDHM

Bíonn freagrachtaí éagsúla le comhlíonadh i measc phobal na scoile agus braitheann rathúlacht na gcleachtas seo ar chomhoibriú ar bhonn uile-scoile.

## ATHBHREITHNIÚ

Cuireadh an beartas seo le chéile i rith na scoilbhliana 2021 – 22. Déanfar athbhreithniú air de réir riachtanais aitheanta na scoile agus ní níos déanaí ná an scoilbhliain 2023 – 24.

Glacadh leis an mbeartas seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ar 7/7/2022.

Gearóid Ó Cleircín(Cathaoirleach)
Sínithe:__________________________________________ Dáta: 7/7/2022

## AGUISÍN 1: SEICLIOSTA BLIANTIÚIL DON BHORD BAINISTÍOCHTA

**Scoilbhliain:** ______________________________________________

| | | |
|---|---|---|
| **SAINSPIORAD SCOILE** | | |
| **1** | An bhfuil beartas scoile aontaithe ag an mBord Bainistíochta i leith an Ilchreidmheachais? | |
| **2** | An bhfuil an fhoireann uile ar an eolas maidir le sainspiorad ilchreidmheach na scoile? | |
| **3** | An dtagraítear don Ilchreidmheachas mar chuid den phróiséas earcaíochta - san fhógra earcaíochta agus ag na hagallaimh? | |
| **4** | An ndéantar ranganna creidimh iarscoile a éascú do ghrúpaí éagsúla? | |
| **PLEANÁIL SCOILE** | | |
| **5** | An ndéantar tagairt sna beartais scoile eile do shainspiorad ilchreidmheach na scoile? | |
| **6** | An bhfuil clár teagaisc curtha le chéile ag an scoil do na rangleibhéil éagsúla? | |
| **7** | An bhfuil áit lárnach aitheanta sa scoil chun saothar scoile don Ilchreidmheachas a chur ar taispeáint? | |
| **8** | An gcuireann an Bord Bainistíochta maoiniú ar fáil chun oiliúint a chur ar fáil do mhúinteorí maidir leis an sainspiorad ilchreidmheach? | |
| **GUTH NA nDALTAÍ** | | |
| **9** | An bhfuil tuiscint ag daltaí na scoile ar an sainspiorad ilcreidmheach? | |
| **10** | An ndéantar ceiliúradh mar phobal scoile i rith na scoilbhliana? | |

**Dáta:** ______________________________________________

# AGUISÍN 2:  CLÁR TEAGAISC DON ILCHREIDMHEACHAS

Le cur isteach: Féilire Ilchreidmheach

https://padlet.com/sorcha12/fvdxfzwmyr826s7d/wish/1780573775

Acmhainní

| | | |
|---|---|---|
| https://padlet.com/sorcha12/fvdxfzwmyr826s7d | | |
| Leabhair: | | |
| Seo é mo Chreideamh | | |
| Scéalta ón mBíobla | | |
| An Bíobla do pháistí | | |
| Na Naoimh: Fadó- (Naomh Bríd, Naomh Breandán Loinseoir, Naomh Pádraig) | | |
| Who Believes What? | | |
| Bosca áiseanna: Búdachas, Giúdachas,Críostaíocht | | |
| | | |
| | | |